

uair ar an dtír abhalimhoir iongantaigh sin na Stáit n-Aontuighthe, agus ar cheann des na cathraca is mó cail innti, San Francisco i ndeisceart Chalifornia.

Da mbeinn le gach a chonnaic mé agus gach ar thárla dom sa chathair úd a aithris ní bheinn réidh go deó. Bhí oiread cineálacha oibre agam is tá laethé i n-aireamh miosa, acht ní rabhas ag deanamh morán airgid ar aon chineal aca. Agus annsin, gan rabhadh gan choinne, sheol an t-ádh im airicis. Bhuaidh mé carn airgid ag rásai na gcapall lá amhain. Bhuaidh mé a oiread céadhna arist an la 'na dhiaidh sin. Bhios mar bheinn olta. Dar liom nach bhfeadfainn cos a chur amú san obair seo. Agus ar feadh seachtmhaine ní fheadfainn. Dar liom go raibh na capaill ar ar chuir mé geall faoi dhaoidheacht agus nach bhfeadfaí a mbualadh. Chruinnuigh mé stor go raibh mo phocáil teann le h-ór. Ann sin, chomh runda failthidhe is thainig sí i gceaduair, scaip an draoidheacht. Chaill mé céad dollaer ar an gcead ras maidin amhain. Ba gheall le mo thumadh i n-uisce oidhreata. D'imthig an mearbhalla diom agus bhris an dutchas amach ionnam, an dutchas tioghbaasach san a bhi mar oidhreacht agam ó mo shinnisir i n-Eirinn. Ba bheag a bhí caillte taobh lenar fhan agam go foill. Agus d'fanadh se agam mar bhi neart agam air. Chas mé ar mo chois is ni fhacthas ag rásai na gcapall niba mho me. Ta, arsa mise liom fhein, oiread agam is cheannochadh sreach de thighthe. Cannathaobh go gcuirfinn amú le cearrbhachas e? Acht ceard a dheanfad leis? Sreach de thighthe! Dar fiadh, sin agam cheana fein reidh teach na faidhbe. Cad eile bheadh chomh slán sabhailte lena leitheid? Bheadh teacht isteach riaghalta agam agus mo chuid airgid chomh daingean deimhin, níos daingne, le firinne, ná dá gcuirfainn sa bhanc é. Lean mé mo chomhairle fhein gur cheannuigh mé cuig tighthe a thárla ar an margadh san am. D'eirigh liom thar barr. Thug mé aire chruinn dom ghno, iomos go raibh a trí oiread sin de thighthe agam leastuigh de roint bhliadhain agus siopai ar chothrom na sraide ag gabhail le cuid aca.

Meas tú go rabhas ar muin na muice? Agus bhi leis, rath agus racmus agam agus mé ag cur leo ó bhliadhain go céile. Meas tú go rabhas iom-dhubhshlan na cinneamhna faoi dheire? Bhios, bfeidir, acht amhain go mbionn cleasanna ag an gcinneamhaint nach eol d'aoinne acht dí fhein. Ta tu ró og le go mbeadh cuimhne agat air acht b'feidir gur leigh nō gur chuala tú faoin luascadh talmhan a chreach dha dtrian de San Francisco i n-Aibrean na bliadna 1906. Bhí an chathair trí theineadh ar feadh trí la agus trí oidhche; cuireadh na ceadta de'n t-saol agus milleadh an saol ar morán de mhiltibh eile. Bhios fein ortha deiridh siúd. D'éirigh liom na cosa 'thabhairt slán acht bhi me sgriosta. In aon leath-noimead d'aon la amhain creachadh is reabadh 'is leagadh a raibh de thighthe ceannuighthe agam le deich mbliadhain. Teilgeadh ó saidhbhreas go daidhbhreas mé i n-iompodh boise. Nuair a d'fág mé San Francisco seachtmhain i ndiaidh na tubaiste níor fhan d'airgead agam acht a dhiolfadh luach go Nua Eabhrach.

Níorbh easgaidh teacht i dtír i Nua Eabhrach i mbliadhanta tosaigh an cheid seo. Bhí obair gann agus an meíd di a bhi ar faghaíl ar bheagan páighe. Ainneoin go ndearn mé gach cineal a thainig im bhealach is iomdha uair b'eigean dom codhladh amuigh gan beile fein na h-oidhche agam. Bhí mé tráth ag diol paipeiri ar na sraídeannai, tráth eile ag gabhail thart le trucaill guail, tráth im "sandwich-man" agus tráth a' suibhail amach le gadhair ban uasal. Minic a shil me nach raibh acht an Bowery i ndon dom i ndeire an dala agus is minic a shil mé fosta nach bhfeadfad a leitheid bheith morán níos measa ná an saol a bhi agam. Minic a shilim na deora guirt nuair a smaoinim ar an gruadhtan a d'fulaing mé sna bliadhanta úd. Ceithre bliadhna a bhíos sa chathair sara raibh